



An Rialálaí Agraibhia Agri-Food Regulator

Ball seachtrach ceaptha ar an gCoiste Iniúchta agus Riosca

Leabhrán Faisnéise

1. Eolas maidir leis hOifig an Rialálaí Agraibhia

Is údarás reachtúil neamhspleách é An Rialálaí Agraibhia (Rialálaí) a bunaíodh chun tacú le cothroime agus le trédhearcacht sa slabhra soláthair agraibhia. Is é príomhról an Rialálaí maoirseacht a dhéanamh ar chaidreamh gnólacht le gnólacht laistigh den slabhra soláthair, agus a chinntiú go bhfuil feirmeoirí, iascairí agus gnólachtaí beaga bia á gcosaint ar thrádchleachtais éagothroma.

Bunaíodh é go foirmiúil ar an 13 Nollaig 2023 faoi Acht um Shlabhra an tSoláthair Talmhaíochta agus Bia, 2023.

Tá an Rialálaí á rialú ag Bord ar a bhfuil 8 mball, atá ceaptha ag an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara. Ar aon dul leis an [gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú](#), tá Coiste Iniúchta agus Riosca bunaithe ag an Rialálaí.

Chun tacú lena thiomantas leanúnach do rialachas agus do mhaoirseacht airgeadais láidir, tá an Rialálaí anois ag fáiltiú roimh Léirithe Spéise ó dhaoine a bhfuil na cáilíochtaí cuí acu chun páirt a ghlacadh ina Choiste Iniúchta agus Riosca mar bhall seachtrach neamhspleách.

2. Faisnéis maidir leis an gCoiste Iniúchta agus Riosca

Is é ról an Choiste Iniúchta agus Riosca struchtúr breithmheasa neamhspleách a chur ar fáil laistigh den Rialálaí Agraibhia chun éifeachtacht agus éifeachtúlacht a rioscaí, nósanna imeachta rialachais agus rialaithe inmheánaigh, agus a chreat tuairiscithe airgeadais a thomhas agus a mheas.

De réir an [Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú](#), páirteach i gCoiste Iniúchta agus Riosca an Rialálaí beidh ar a laghad beirt, ach nach mó ná seisear, ball neamhfheidhmiúcháin den Rialálaí, mar aon le baill ó lasmuigh d'údarás an Rialálaí.

Ceapann an Rialálaí baill sheachtracha den Choiste i gcomhair tréimhse trí bliana agus beidh siad incháilithe chun iad a athcheapadh do théarma breise. De ghnáth, ní bheidh ball i mbun an ról i gcomhair níos mó ná dhá théarma i ndiaidh a chéile.

3. Freagracht Bhaill an Choiste Iniúchta agus Riosca

Cuireann an Coiste Iniúchta agus Riosca comhairle ar an Rialálaí maidir leis an méid seo a leanas:

- Na próisis straitéiseacha do riosca, rialú inmheánach agus rialachas;
- Na beartais chuntasaíochta, na ráitis airgeadais bhliantúla (lena n-áirítear an próiseas chun athbhreithniú a dhéanamh ar na ráitis airgeadais sula gcuirtear ar fáil iad chun críche iniúchta) agus litir uirill na foirne bainistíochta do na hiniúcháirí seachtracha;
- Gníomhaíocht bheartaithe agus torthaí an iniúchta inmheánaigh agus sheachtraigh;
- Oiriúnacht fhreagra na foirne bainistíochta ar shaincheistean aitheanta i rith na gníomhaíochtaí iniúchta, lena n-áirítear litir uirill iniúchta sheachtraigh na foirne bainistíochta;
- Dearbhuithe a bhaineann le bainistíocht riosca agus ceanglais rialachais chorparáidigh don Rialálaí;
- Oiriúnacht agus éifeachtacht na gcóras de rialuithe inmheánacha;
- Beartais frith-chalaoise, próisis nochta cosanta agus socruithe d'imscrúduithe speisialta.

Chomh maith leis sin, tuairisceoidh an Coiste Iniúchta agus Riosca maidir lena héifeachtacht féin go tráthúil agus tuairisceoidh sé torthaí an athbhreithnithe sin don Rialálaí.

4. Inniúlachtaí Riachtanacha

Déanann an Coiste Iniúchta agus Riosca iarracht a chinntiú go bhfuil raon saineolais oiriúnach ag a bhaill ionas gur féidir leis an gCoiste trí chéile a fheidhmeanna a chur i gcrích ag an gcaighdeán riachtanach.

Tá ball seachtrach neamhspleách á lorg againn a bhfuil cuid de nó an taithí agus na hinniúlachtaí seo ar fad a leanas aige nó aici:

- Taithí roimhe seo mar bhall nó mar chathaoirleach ar Choiste Iniúchta agus Riosca Comhlacht Stáit
- Tuiscint mhaith ar an *gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú* agus ar na ceanglais ghaolmhara

- Taithí ghairmiúil ar chuntasaíocht agus/nó ar iniúchadh
- Saineolas ar bhainistíocht riosca agus ar rialachas corparáideach

Lena chois sin, ba cheart go mbeadh an t-iarrthóir rathúil in ann an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Léargas a thabhairt ar thuiscint ar ról agus ar fheidhmeanna an Rialálaí Agraibhia
- Inniúlacht ar uirlisí agus ar chórais bhunúsacha TF

5. Gealltanais Ama

Go ginearálta, buaileann an Coiste le chéile go cianda roimh gach cruinniú Boird, thart ar ocht n-uair in aghaidh na bliana faoi láthair, agus tionólaíonn an t-údarás cruinnithe breise nuair is gá. Meastar i gcás gach cruinnithe, idir am ullmhúcháin agus freastal ar an gcruinniú, gur cheart dhá uair an chloig a chur ar leataobh.

Féadfaidh Bord an Rialálaí a iarraidh ar an gCoiste Iniúchta agus Riosca tuilleadh cruinnithe a thionól chun saincheisteanna áirithe a phlé a lorgaíonn siad comhairle ón gCoiste maidir leo.

6. Táillí agus Costais

Íocfar táille tinrimh luach €250 le gach ball seachtrach den Choiste do gach cruinniú a bhfreastalaíonn siad air. Tabhair faoi deara go bhfuil an Treoir [‘Duine Amháin Tuarastal Amháin’](#) á comhlíonadh ag an Rialálaí agus nach n-íocfar táille tinrimh le baill den Choiste ar seirbhísigh phoiblí nó státseirbhísigh iad.

Chomh maith leis sin, féadfaidh baill den Choiste éileamh a dhéanamh ar chostais taistil agus chothaithe réasúnacha tabhaithe fad is a bhí siad ag freastal ar chruinnithe ar an láthair, de réir Bheartas Taistil agus Cothaithe an Rialálaí.

7. Do Léiriú Spéise a Chur ar Fáil

Más spéis leat iarratas a dhéanamh ar a bheith i do bhall de Choiste Iniúchta agus Riosca an Rialálaí, seol CV ar aghaidh—ar a bhfuil eolas faoin taithí agus faoi na hinniúlachtaí riachtanacha—chuig hr@agrifoodregulator.ie.

Ní mór go mbeadh na haighneachtaí faighte faoi **5:00 p.m. ar an 31 Iúil 2025**.

Tá folúntas amháin ar an gCoiste faoi láthair.

Tá gach ceapachán le faomhadh ag an Rialálaí.

Déanfar teagmháil le gach iarratasóir nuair a bheidh athbhreithniú déanta ar na haighneachtaí, beag beann ar an toradh.

8. Cosaint Sonraí

Próiseálfaidh an Rialálaí aon fhaisnéis phearsanta a chuirtear ar fáil le d'iarratas de réir na reachtaíochta Cosanta Sonraí. Ní choinneofar an fhaisnéis i gcomhair tréimhse níos faide ná mar atá riachtanach dá cuspóir, agus coinneofar í ar bhealach a chinntíonn slándáil oiriúnach na faisnéise, lena n-áirítear próiseáil neamhúdairithe nó neamhdhleathach na faisnéise.

9. Naisc Úsáideacha

Tá tuilleadh faisnéise maidir leis an Rialálaí le fáil ar ár suíomh gréasáin, <https://www.agrifoodregulator.ie/>.